gaelscoil na gcloch liath

Nuachtlitir Bealtaine 2011

Nótaí

Dráma Naíonáin Bheaga

Beidh dráma ag Naíonáin Bheaga Dé hAoine 3 Bealtaine ar 11.30.

Junior Infants will be performing their play on Friday 3rd June at 11.30

Na Naíonáin Nua

Beidh Naíonáin Bheaga & Mhóra ag dul abhaile ar 12.00 Dé Céadaoin 8 Meitheamh toisc go mbeidh na Naíonáin nua ag teacht ar chuairt an lá sin.

Junior and Senior Infants will be going home at 12.00 on Wednesday 8th June to allow for the new Junior Infants to visit the classes.

Lá Saoire Bainc

Beidh an scoil dúnta Dé Luain 6 Meitheamh.

The school will be closed on Monday 6th June for the Bank Holiday.

Gaiscígh an Bhia



Tá an clár Gaiscígh an Bhia ar siúl sa scoil le coicís anuas, agus is léir go bhfuil ár ngaiscígh óga féin againn anois. Faigheann na páistí tortha agus glasra gach lá, agus má itheann siad iad ar fad, faigheann siad sárdhuais ó na Gaiscígh.

The Food Dudes programme has been running the school for the past fortnight, and it is clear the children are taking a keen interest in tasting the fruit and vegetables they receive each day. If they eat each portion ,they receive a prize from the Food Dudes.



Tá sé foghlamtha ag na páistí gurb é cúig in aghaidh an lae an sprioc atá ann. Is ionann cuid amháin agus glaic láimhe an pháiste. Is féidir iad a ithe ina n-aonar, nó le bia eile (sa cheapaire nó le pasta, mar shampla). Más fearr leis na páistí glasraí cócaráilte, is féidir iad sin a thabhairt dóibh seachas glasraí ámha – fós is ionann é agus cuid amháin den cúig in aghaidh an lae.

The children have been learning about healthy eating habits, and are now aware of the "five a day" guideline. One portion is the equivalent of the child's cupped hand, and the food can be raw or cooked. If your child prefers, fruit or vegetables can be eaten with other foods (in sandwiches or with pasta, for example), and in this way can easily be added to the child's lunchbox.

Tá súil againn go leanfaidh na páistí ar aghaidh ag blaiseadh agus ag ithe a gcuid torthaí agus glasraí sa bhaile agus mar chuid den lón scoile.

It is hoped that the children will now continue to taste, and to eat fruit and vegetables at home and as part of the normal school-lunch.

Ar scoil d'ith siad:

Banana



Piobair

Úll



Tráta



Cúcamar

Cairéad

Rísíní

Oráiste

Amuigh sa gháirdín, tá ...

Ar an 18 Bealtaine phlandáil muid glas-raí. Phlandáil muid píseanna, leitís, raidis agus a lán rudaí eile. Chabhraigh Celine linn. Is í mamaí Moya. Bhí boscaí móra leis na plandaí isteach iontu. Bhí siad déanta as adhmad. An planda is cáiliúla ná an grán milis. Is planda é a bhfuil timpeall ar 20cm. Roghnaigh muid planda, ansin thochaill muid poll agus chuir muid ár bplanda isteach agus chuir muid uisce air. Bhí maide againn lenár n-ainmneacha orthu. Chuir muid iad in aice lenár bplandaí. Bhí an-spórt againn. Oisín de Stóc. Rang 3

Bhí an-lá ag na páistí mar atá scríofa ag Oisín agus iad ag cur plandaí inár mboscaí nua plandála. Bhí deis ag gach páiste sa scoil glasra a roghnú is a phlandáil. Anois is gá dúinn uisce a thabhairt dóibh!
The children had a fantastic day, as Oisín has written about, when they went planting in our new planting boxes. Every child in the school had the opportunity to plant a particular vegetable. Now, all we have to do is water them!

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an bhfo-choiste glas agus na tuismitheoirí uilig a chabhraigh linn an suíomh a ullmhú don phlandáil agus a rinne garraíodóireacht mór thimpeall an charrchlóis. Buíochas faoi leith do David as ucht an chré a fháil, Brian as ucht na boscaí a dhéanamh agus Celine as an bplandáil a dhéanamh linn trí Ghaeilge.
We would like to thank the green sub-committee and each an d every parent who helped organise the event and who came to the school to prepare the boxes and do a clean-up around the car park. Many thanks to David for organising the soil, to Brian for building the planting boxes and to Celine for coming and planting with the children as Gaeilge.

Rud simplí a bhí ann, ach bhain siad an-sult as! Cén fáth nach mbaineann tú triail as sa bhaile?
A simple thing for children and they had a wonderful time, Why not try it at home?

Bord Bainistíochta

Rinneamar plé ar na nithe seo a leanas ar an 23 Bealtaine 2011:

1. Plandáil leis na páistí. Buíochas do gach duine a d'ullmhaigh é. Buíochas do Celine as an bplandáil a dhéanamh leis na páistí agus do Bhrian as ucht na boscaí plandála a dhéanamh dúinn saor in aisce.
2. Déanadh faomhadh ar an bpolasaí Lóin Shláintiúil agus ar an bPolasaí Obair Bhaile.
3. Cuairt na Naíonáin Bheaga nua ar an 8 Meitheamh
4. Tuairisc Airgid na Scoile.

On 25th May the Board discussed:

1. *Thanks to all who prepared tor the planting, to Celine for planting with the children and Brian for making the boxes free of charge.*
2. *Healthy Eating Policy and Home-work Policy were ratified.*
3. *The new Junior Infants visit on 8th June*
4. *School's financial report.*

Scoil Rince Ní Bhrannagáin

Ghlac páistí Scoil Rince Uí Bhrannagáin páirt i bhfeis ranga ar an Domhnach an 22/5/2011 i mBaile an Chinnéidigh. Bhí a lán coirn agus boinn le buachan agus táimid go léir an-bhródúil astu as ucht an rince álainn a bhí ar siúl chomh maith leis an méid coirn agus boinn a bhuaigh siad. Bhí a lán cleachtadh ar siúl acu ag druidim leis an bhfeis agus níl aon ionadh orainn go raibh thar 35 coirn agus 100 boinn buaite acu ar an lá.

The children of Scoil Rince Uí Bhrannagáin took part in a class feis on Sunday the 22/5/11 in Newtownmountkennedy. There were plenty of trophies and medals to be won on the day and we are so proud of them all and their lovely dancing as well as the amount of trophies and medals they came home with. The children practised really hard leading up to the feis so we weren't surprised when they won over 35 trophies and 100 medals.

Maith sibh!

Comhghairdeas Kaci

Ba mhaith linn comhghairdeachas a ghabháil le Kaci de Carraig a rinne a Céad Chomaoineach Dé Satharn 14 Bealtaine i mBré le Scoil Chualann.

Congratulations to Kaci de Carraig who made her First Communion with Scoil Chualann in Bray on Saturday 14th May.

Gabhaimid buíochas le M. Daithí a d'ullmhaigh í don ócáid agus do Scoil Chualann as an bhfáilte a thug siad dúinn ar an lá.

Many thanks to Múinteoir Daithí for all his work in preparing her for the day and Scoil Chualann for the warm welcome we received.

Síntiús Deonach

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd a chuir isteach an Síntiús Deonach.

We would like to thank all those who have sent in their voluntary contribution.

Gníomhaíochtaí Iar-scoile

Tá súil againn go bhfuil na páistí ag baint taitneamh as na gníomhaíochtaí iar-scoile. Iarraim orthu siúd a bhfuil íocaíocht fós le déanamh do ghníomhaíochtaí an téarma seo, an t-airgead a chur chun an hoifige a luath agus is féidir.

We hope the children are enjoying the after-school activities. We would ask that all outstanding payments be sent to the office as soon as possible. If you are unsure whether you have paid the full amount, please do not hesitate to ask.

Ó Choiste na dTuismitheoirí

Lá Spraoi Teaghlaigh

Family Fun Day

Dé Satharn 11ú Meitheamh 2pm - 4pm

Saturday 11th June 2pm - 4pm

Bígí linn sa Ghaelscoil chun tráthnóna taithneamhach a chaitheamh!

€5 Entry for Children – covers all their activities

Face Painting - Arts & Crafts

Skipathon – Egg & Spoon Races

Penalty Shoot Out – Ceol & Rince Storytelling

Plus Cake Sale – Irish Cards, Books - Raffle - Refreshments

& lots more

Fáilte roimh chách

An féidir leat cabhrú?

Táimid ag lorg cúnaimh don Lá Spraoi Teaghlaigh. Tá daoine á lorg chun cúnamh sa siopa, leis na gníomhaíochtaí spóirt nó rudaí eile ar an lá. Más féidir leat aon chúnamh a thabhairt dúinn ar an lá iarraimid oraibh teagmháil a dhéanamh leis an gCoiste nó seo a chur in iúl do M. Eoghan.

We need your help to run a successful Family Fun Day. We are looking for volunteers to man the stands, help with the sports and to help with teas and coffees. If you can help on the day, please contact a member of the Coiste or M. Eoghan.

Gala snámha

Tá gala snámha ar siúl i Shoreline ar an Aoine 17 Meitheamh ar 2.00. Breis eolais agus foirm iontrála ar Chlár Fógra na dTuismitheoirí

Shoreline are holding a swimming gala on Saturday 17th June at 2pm. If you are interested in attending, please take a form from the Parents' Notice board and return it to Shoreline before 13/5/2011.